**RABHADH**

**Freagair gach ceist sna spásanna atá ann dóibh ar an bpáipéar seo.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2005**

**STAIDÉAR IMSHAOIL AGUS SÓISIALTA**

**ARDLEIBHÉAL**

**DÉ LUAIN, 13 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 1.30 – 3.30**

**Treoracha d'iarrthóirí :**

Freagair GACH CEANN de na CÚIG CHEIST laistighh

- Maidir le Ceist 1 ar leathanaigh *2, 3, 4* agus *5*
  Freagair na codanna (A), (B) agus (C)
- Maidir le Ceist 2 ar leathanaigh *6, 7, 8, 9* agus 10
  Freagair cuid (A) nó (B)
- Maidir le Ceist 3 ar leathanaigh *11, 12* agus *13*
  Freagair cuid (A). Ansin freagair cuid (B) nó cuid (C)
- Maidir le Ceist 4 ar leathanaigh *14 agus 15*
  Freagair (A) agus (B)
- Maidir le Ceist 5 ar leathanaigh *16* agus *17*
  Seiceáil ar dtús go bhfuil an léarscáil agus an t-aerfótagraf agat.
  Freagair na ceisteanna GO LÉIR.

**Don Scrúdaitheoir amháin:**

| Ceist | MARC |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| IOMLÁN | |
| GRÁD | |

## CEIST 1
**24 marc**

**Freagair GACH ceann de na TRÍ chuid – (A) agus (B) agus (C).**

**(A) CEISTEANNA ILROGHA** **(12 mharc)**

**Freagair 12 de na ceisteanna seo a leanas. Cuir tic (√) sa bhosca ceart i ngach cás.**

*Sampla:* Bhaintí úsáid as seol snáithe:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) san fhíodóireacht | ✓ | (b) sa scríbhneoireacht | ☐ | |
| (c) sa ghlantóireacht | ☐ | (d) sa chócaireacht | ☐ | (1) |

***1.*** Cén uair a tháinig daoine go hÉirinn den chéad uair?

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) 900 bliain ó shin | ☐ | (b) 9,000 bliain ó shin | ☐ | |
| (c) 90,000 bliain ó shin | ☐ | (d) 900,000 bliain ó shin | ☐ | (1) |

***2.*** Cén sórt láithreán adhlactha atá le feiceáil i mBrú na Bóinne?

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) dolmain ursanach | ☐ | (b) carn cúirte | ☐ | |
| (c) tuama pasáiste | ☐ | (d) tuama dingeach | ☐ | (1) |

***3.*** Is éard a thugtaí ar na chéad ghaibhne cré-umha in Éirinn ná:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) Aos Eascra | ☐ | (b) Aos Cré-umha | ☐ | |
| (c) Aos Potaireachta | ☐ | (d) Aos Copair | ☐ | (1) |

***4.*** Cén ceann díobh seo a leanas ar tionscal tánaisteach é?

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) cógaisíocht | ☐ | (b) pluiméireacht | ☐ | |
| (c) feirmeoireacht | ☐ | (d) mianadóireacht | ☐ | (1) |

***5.*** Baintear úsáid as baraiméadar chun tomhas a dhéanamh ar:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) báisteach | ☐ | (b) teocht | ☐ | |
| (c) taitneamh gréine | ☐ | (d) brú | ☐ | (1) |

***6.*** Tagann gnáthghaoth na hÉireann:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) aniar aduaidh | ☐ | (b) anoir aneas | ☐ | |
| (c) aniar aneas | ☐ | (d) anoir aduaidh | ☐ | (1) |

***7.*** Ainmnigh an ceannaire Normannach a ghabh an chuid is mó d'Éirinn:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) Séamas I | ☐ | (b) Strongbó | ☐ | |
| (c) Anraí VIII | ☐ | (d) Tomás an tSíoda | ☐ | (1) |

***8.*** Le linn na Meánaoiseanna, bhíodh geata iarainn ag caisleán a ligtí síos le linn ionsaí. Is é a thugtaí air ná:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) geata crochta | ☐ | (b) barbacán | ☐ | |
| (c) doinsiún | ☐ | (d) daingean | ☐ | (1) |

***9.*** Le linn na Meánaoiseanna, is éard a bhí sa Ghalar Dubh ná:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) cáin | ☐ | (b) pionós | ☐ | |
| (c) plá | ☐ | (d) cogadh | ☐ | (1) |

***10.*** Cén ceann díobh seo a leanas ar tír i mbéal forbartha í?

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) an Phortaingéil | ☐ | (b) Peiriú | ☐ | |
| (c) an Astráil | ☐ | (d) Ceanada | ☐ | (1) |

***11.*** Ainm eile ar an Iarmhairt Tí Ghloine is ea:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) Téamh Domhanda | ☐ | (b) Báisteach Aigéadach | ☐ | |
| (c) Crios Ózóin | ☐ | (d) Fairsingiú Fásaigh | ☐ | (1) |

***12.*** Tá an ceantar a thaispeántar sa léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis thart ar:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) 100 km. cr. | ☐ | (b) 500 km. cr. | ☐ | |
| (c) 1,000 km. cr. | ☐ | (d) 1,500 km. cr. | ☐ | (1) |

***13.*** Cén ceann de na tíortha seo a leanas a chuaigh isteach san Aontas Eorpach in 2004?

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) an Ghréig | ☐ | (b) an Spáinn | ☐ | |
| (c) an Iodáil | ☐ | (d) an Pholainn | ☐ | (1) |

***14.*** Cén duine Éireannach a bhí ag obair mar Choimisinéir Cearta Daonna na Náisiún Aontaithe?

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) Máire Mhic Ghiolla Íosa | ☐ | (b) Máire Mhic Róibín | ☐ | |
| (c) Máire Ní Athairne | ☐ | (d) Máire Uí Ruairc | ☐ | (1) |

**(B) AN SAOL SNA SEAN-SIBHIALTACHTAÍ** **(6 mharc)**

**An tSean-Ghréig An tSean-Éigipt An tSean-Róimh Na hInca**

Scríobh alt faoi cheann **AMHÁIN** de na topaicí seo a leanas i gceann **AMHÁIN** de na sibhialtachtaí atá luaite:

(a) Áiteanna Cónaithe

(b) Ealaín agus Ceirdeanna

(c) Caitheamh Aimsire

(d) Nósanna Adhlactha

Ainm na Sibhialtachta ____________________________________________

An topaic atá roghnaithe __________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________


______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (6)

**(C) TÁIRGEADH AGUS ÉILEAMH DOMHANDA AR OLA** **(6 mharc)**

**Foinse A**

Déan staidéar ar an léarscáil thíos a thaispeánann an táirgeadh agus an t-éileamh ar ola i milliúin de thonaí.




*1.* Ainmnigh **DHÁ** réigiún a tháirgeann níos mó ola ná mar a úsáideann siad.

1. ______________________ 2. ______________________(2)

*2.* Ainmnigh **DHÁ** réigiún a úsáideann níos mó ola ná mar a tháirgeann siad.

1. ______________________ 2. ______________________(2)

*3.* Déan cur síos gearr ar phríomhghluaiseachtaí ola i dtrádáil dhomhanda.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________


______________________________________________________________________(2)

**CEIST 2**
**24 marc**

**Freagair cuid (A) nó (B).**

**(A) PLANDÁLACHA IN ÉIRINN SA 17ú hAOIS (24 marc)**

**Foinse A**
Déan staidéar ar an léarscáil thíos agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.




*1.* Bain úsáid as an léarscáil agus ainmnigh **DHÁ** chontae a plandáladh le linn Phlandáil Uladh.

1. ______________________ 2. ______________________(2)

*2.* Bain úsáid as an léarscáil agus ainmnigh **DHÁ** chontae nár plandáladh le linn Phlandáil Uladh.

1. ______________________ 2. ______________________(2)

*3.* Luaigh **DHÁ** chúis gur tharla Plandáil Uladh.

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________(4)

*4.* Ainmnigh rí Shasana a bhí freagrach as Plandáil Uladh.

______________________________________________(2)

*5.* Tá roinnt bailte móra ar an léarscáil seo. Ainmnigh baile mór agus luaigh **DHÁ** bhealach ar chuidigh Plandáil Uladh le forbairt an bhaile sin.

Ainm an Bhaile: ______________________

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________(4)

**Foinse B**
Déan staidéar ar an sliocht thíos agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

> Thug Francis Bacon an chomhairle seo a leanas chun go n-éireodh go maith le plandáil:
> *"Ba cheart garraíodóirí, treabhdóirí, saothraithe, gaibhne, siúinéirí, iascairí, foghlaeirí, roinnt bheag poitigéirí, máinlianna, cócairí agus báicéirí a bheith sna daoine a phlandálann tú. Thar aon rud eile, ba cheart go dtabharfaí stór brioscaí, min choirce, plúr, min , agus a leithéid, i dtosach go dtí go mbíonn arán ar fáil. Mar ainmhithe nó éin, beir leat iad siúd is lú atá tugtha do ghalair, agus is tapa a rachaidh i líonmhaire; gabhair, coiligh, cearca, turcaithe, géanna, coilm tí, agus a leithéid."*

***6.*** Mínigh cén fáth go bhféadfadh siad seo a leanas a bheith áisiúil chun go n-éireodh go maith le plandáil:

(a) **siúinéir**

______________________________

______________________________

(b) **báicéir**

______________________________

______________________________(2)

***7.*** Cén fáth go gcuireann Bacon comhairle ar na plandálaithe "brioscaí, min choirce, plúr, min, agus a leithéid" a bhreith leo i dtosach?

______________________________

______________________________

______________________________(2)

***8.*** Luaigh cúis **AMHÁIN** go gcomhairlíonn Bacon do na plandálaithe na hainmhithe agus na héin atá luaite aige a bhreith leo.

______________________________

______________________________

______________________________(2)

***9.*** Cén tuairim atá ag Bacon faoi Éirinn? Luaigh pointe **AMHÁIN**.

______________________________

______________________________

______________________________(2)

***10.*** Luaigh deacracht **AMHÁIN** a bhí ag plandálaithe nuair a tháinig siad go hÉirinn.

______________________________

______________________________

______________________________(2)

**NÓ**

**(B) AN BHRASAÍL SA 20ú hAOIS** **(24 marc)**

**Foinse A**

Léigh an sliocht thíos agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*"Gineann dúshaothrú acmhainní nádúrtha ioncam do rialtas na Brasaíle chun íoc as fiachas seachtrach ollmhór na tíre. Chuige sin, tá ceantair ollmhóra d'fhoraoisí meánchriosacha á ngearradh anuas. Is féidir adhmaid luachmhara thrópaiceacha ar nós péine parana a onnmhairiú. Cruthaítear spás maireachtála agus talamh feirme breise. Tá teacht acu ar na sil-leaganacha mianraí faoi na foraoiseacha. Tá spás chun córas nua-aimseartha mórbhealaí a thógáil. Ceadaíonn na mórbhealaí dúshaothrú acmhainní mianra agus cuidíonn le trádáil a fhorbairt.*

*Ach tá timpeallacht nádúrtha leochaileach millte. Déanann mianaigh dhromchla créachta ar an tírdhreach. Bádh gleannta de réir mar a tógadh stáisiúin chumhachta hidrileictreacha (C.H.L.). Soláthraíonn C.H.L. 90 faoin gcéad de leictreachas na Brasaíle.*

*Mealladh feirmeoirí ón Oir-Thuaisceart, atá spallta ag triomacht, le deontais de thalamh saor in aisce ar feadh na mórbhealaí. Ach an aeráid thrópaiceach atá te, fliuch agus tais, déanann sí decair na coinníollacha oibre. Chomh maith leis sin, éiríonn na hithreacha rua thrópaiceacha nó ithreacha latairíte spíonta nuair a bhaintear an clúdach foraoise. Ghéill go leor de na feirmeoirí a gcuid talún do na rainseoirí eallaigh agus chuaigh na himirceoirí go dtí na cathracha san Oir-Dheisceart."*

***1.*** Scríobh síos **DHÁ** chúis a bhfuil an fhoraois mheánchriosach á gearradh anuas.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________(2)

***2.*** Scríobh síos **DHÁ** bhealach inar scriosadh an timpeallacht.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________(2)

***3.*** Scríobh síos **DHÁ** dheacracht a bhí roimh na feirmeoirí.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________(2)

***4.*** Mínigh na téarmaí seo a leanas ar baineadh úsáid astu sa sliocht thuas:

**Fiachas Seachtrach**________________________________________

________________________________________________

**Cumhacht Hidrileictreach** __________________________________

________________________________________________

**Imirceoirí**__________________________________________

______________________________________________(6)

***5.*** Mínigh **DHÁ** dheacracht a d'fhéadfadh a bheith roimh na feirmeoirí nuair a théann siad chun cónaí sna cathracha.

1. ____________________________________________

________________________________________________

2. ____________________________________________

______________________________________________(4)

***6.*** Bíonn *favelas* mar chríoch ag go leor daoine a fhágann an tuath chun cónaí sna cathracha. Mínigh an téarma *favela*.

________________________________________________

______________________________________________(2)

**Foinse B**

Déan staidéar ar an bhfótagraf thíos agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.




*7.* Luaigh **DHÁ** phointe maidir leis na foirgnimh atá le feiceáil i gcúlra an fhótagraif seo.

1. ______________________________________________________________

______________________________________________________________

2. ______________________________________________________________

______________________________________________________________(2)

*8.* Luaigh gné **AMHÁIN** de chultúr agus de thraidisiún na Brasaíle atá le feiceáil ón bhfótagraf thuas.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________(2)

*9.* Bain úsáid as fianaise ón bhfótagraf seo agus luaigh bealach **AMHÁIN** inar féidir le strainséirí úsáid a bhaint as cultúr na Brasaíle.

______________________________________________________________

______________________________________________________________


______________________________________________________________(2)

# CEIST 3
**24 marc**

**Freagair cuid (A). Ansin freagair (B) nó (C).**

**(A) AN RÉABHLÓID THIONSCLAÍOCH** **(12 mharc)**

**Foinse A**
Déan staidéar ar an bpictiúr thíos agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.



Inneall traenach George Stephenson, an *Rocket*

***1.*** Cérbh é an príomhchuspóir a bhain leis an inneall traenach, an Rocket, dar leat?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________(2)

***2.*** Luaigh **DHÁ** bhealach ina raibh an *Rocket* níos fearr ná innill traenach roimhe sin.

1.______________________________________________

______________________________________________

2.______________________________________________

______________________________________________(4)

***3.*** Luaigh **DHÁ** bhealach inar athraigh iarnróid saol daoine.

1.______________________________________________

______________________________________________

2.______________________________________________

______________________________________________(4)

***4.*** Luaigh bealach **AMHÁIN** inar chuidigh iarnróid le tionscal.


______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________(2)

**(B) AN CHÉAD CHOGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**

**Fótagraf A**
Déan staidéar ar an bhfótagraf thíos agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.



Saighdiúirí i dtrinse sa Chéad Chogadh Domhanda

***1.*** Mínigh cad is ciall le Cogaíocht i dTrinsí.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________(2)

***2.*** Ainmnigh **DHÁ** earra a d'úsáid saighdiúir le haghaidh cosanta.

1. ____________________ 2. ____________________(2)

***3.*** Throid na Comhghuaillithe in aghaidh na gCumhachtaí Láir. Ainmnigh tír **AMHÁIN** ar thaobh na gComhghuaillithe agus ainmnigh tír **AMHÁIN** ar thaobh na gCumhachtaí Láir.

Tír na gComhghuaillithe ____________________ Tír na gCumhachtaí Láir____________________(2)

*4*. Scríobh alt ar cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:
(a) Na Cúiseanna a bhain leis an gCéad Cogadh Domhanda.
(b) Feachtas na U-Bhád.
(c) Gallipoli.
(d) Conradh Versailles.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________(6)

**(C) AN DARA COGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**

**Fótagraf B**
Déan staidéar ar an bhfótagraf thíos agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.



An *Blitz* i Londain

***1.*** Ainmnigh **DHÁ** thír a raibh baint acu leis an *Blitz*.

1.______________________________ 2.______________________________(2)

***2.*** Bain úsáid as an bhfótagraf agus luaigh **DHÁ** phointe le cur síos ar an damáiste a rinneadh le linn an *Blitz*.

1.______________________________________________________________

______________________________________________________________

2.______________________________________________________________

______________________________________________________________(2)

***3.*** Mínigh conas a tháinig deireadh leis an *Blitz*.

______________________________________________________________

______________________________________________________________(2)

***4.*** Scríobh alt ar cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:
(a) An tAslonnú ag Dunkirk.
(b) Pearl Harbour.
(c) Cath Stalingrad.
(d) Campaí Géibhinn.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________(6)

# CEIST 4
**24 marc**


**Freagair an DÁ chuid – (A) agus (B)**

**(A) TALMHAÍOCHT SA DOMHAN FORBARTHA AGUS SA DOMHAN ATÁ I mBÉAL FORBARTHA (12 mharc)**

Déan staidéar ar Fhótagraf A agus ar Fhótagraf B agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh.



Fótagraf A



Fótagraf B

***1.*** Taispeánann Fótagraf A radharc as an domhan forbartha. Ainmnigh tír **AMHÁIN** ón domhan forbartha ina mbeadh súil agat an radharc seo a fheiceáil.

Ainm na Tíre ______________________________(1)

***2.*** Taispeánann Fótagraf B radharc as an domhan atá i mbéal forbartha. Ainmnigh tír **AMHÁIN** ina mbeadh súil agat an radharc seo a fheiceáil.

Ainm na Tíre ______________________________(1)

***3.*** Tá táirgeacht ard barraí le feiceáil i bhFótagraf A. Mínigh **DHÁ** chúis leis sin.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________(4)

***4.*** Luaigh **DHÁ** chúis nach bhféadfadh an feirmeoir i bhFótagraf B barraí a fhás ar nós an fheirmeora i bhFótagraf A.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________(4)

***5.*** Tá éagothrom mór idir an domhan forbartha agus an domhan atá i mbéal forbartha. Luaigh bealach **AMHÁIN** a bhféadfaí an t-éagothrom sin a laghdú.

______________________________

______________________________


______________________________(2)

**(B) DIÚSCAIRT DRAMHAÍOLA SA DOMHAN FORBARTHA AGUS SA DOMHAN ATÁ I mBÉAL FORBARTHA** **(12 mharc)**

Déan staidéar ar Fhótagraf A agus ar Fhótagraf B agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh.




Fótagraf A



Fótagraf B

***1.*** Ar tógadh Fótagraf A sa domhan forbartha **NÓ** sa domhan atá i mbéal forbartha?

____________________________________________________________(1)

***2.*** Ar tógadh Fótagraf B sa domhan forbartha **NÓ** sa domhan atá i mbéal forbartha?

____________________________________________________________(1)

***3.*** Luaigh **DHÁ** chúis gur maith an rud é ábhair dhramhaíola a scaradh mar a thaispeántar i bhFótagraf A.

1. ____________________________________________________________

____________________________________________________________

2. ____________________________________________________________

____________________________________________________________(4)

***4.*** Ainmnigh **DHÁ** chineál dhifriúla ábhar dramhaíola seachas miotal ar féidir a scaradh isteach i gcoimeádáin éagsúla.

1. ______________________ 2. ______________________(2)

***5.*** Mínigh **DHÁ** chontúirt a bhfuil diúscairt dramhaíola ina cúis leo i bhFótagraf B.

1. ____________________________________________________________

____________________________________________________________

2. ____________________________________________________________

____________________________________________________________(4)

## CEIST 5
**24 marc**

**Déan deimhin de go bhfuil léarscáil agus fótagraf agat sula bhfreagraíonn tú na ceisteanna seo.**

Scrúdaigh an léarscáil S.O 1:50,000 agus an t-aerfótagraf daite a thagann leis an bpáipéar seo agus freagair na ceisteanna thíos.

Taispeánann an léarscáil baile Dhroichead Átha agus an ceantar ina thimpeall.

***1.*** Luaigh ainm an droichid iarnróid a thrasnaíonn an abhainn i nDroichead Átha.

________________________________________ (2)

***2.*** Cén abhainn a bhfuil An Inse (Laytown) suite ag a béal?

________________________________________ (2)

***3.*** Cé mhéad stáisiún traenach atá le feiceáil ar an léarscáil?

________________________________________ (2)

***4.*** Cad a tháirgtear sa mhonarcha atá i gcearnóg greille O 06 71?

________________________________________ (2)

***5.*** Luaigh píosa **AMHÁIN** fianaise ón léarscáil gur mhair daoine sa cheantar seo fadó.

________________________________________ (2)

***6.*** Agus fianaise ón léarscáil agat, luaigh **DHÁ** ghníomhaíocht spóirt nó fóillíochta a bhféadfadh turasóir ar cuairt sa cheantar seo taitneamh a bhaint astu.

________________________________________

________________________________________

________________________________________ (4)

***7.*** Tá mótarbhealach ar an léarscáil seo. Luaigh cúis **AMHÁIN** a gceapann tú nach dtéann sé trí bhaile Dhroicead Átha.

________________________________________

________________________________________

________________________________________ (4)

Scrúdaigh an t-aerfótagraf daite a thagann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna thíos:

Taispeánann an fótagraf cuid de bhaile Dhroichead Átha.

***8.*** Cé mhéad droichead thar an abhainn ar féidir a fheiceáil ón bhfótagraf seo?

________________________________________ (2)

***9.*** Tá an chuid thionsclaíoch agus tráchtála den bhaile suite den chuid is mó in aice na habhann.

Cén fáth é sin an dóigh leat?

________________________________________

________________________________________ (2)

***10.*** Déan cur síos ar an suíomh atá ag ceantar cónaithe sa bhaile.

________________________________________

________________________________________ (2)